Gx1491

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Scrúdaithe an tSamhraidh 2003

Scrúdú BA **Stair**

HI362: Páirtithe agus Cumhacht I bpolaitíocht na Breataine san 19ú agus sa luath 20ú haois

Paul Bew
Bernadette Cunningham
M.A.G Ó Tuathaigh

Trí cheist le freagairt
Dhá uair a chloig ar fail

1. An bhfuil ciall ar bith le caint are 'pháirtithe polaitiúla' – mar a tuigtear an téarma sin sa lá atá inniu ann – sa tréimhse roimh 1832?

2. "In the short term, the Reform Act strengthened the status quo" (E.J. Evans). An
n-aontaíonn tú leis an mbreithiúnas seo ar Acht Leasaithe na bliana 1832?

3. "...substantially, the foundations of the Victorian Conservative and Liberal parties were laid in the decade 1830-1840" (N. Gash). Do bharúil faoi seo.

nó

An ráiteas faoi Sir Robert Peel, gur státaire den chéad scoth a bhí ann ach nach raibh sé thar moladh beirte mar cheannaire ar pháirtí, an dtugann sé cothrom na Féinne dó?

4. Cén fáth gur theip ar na Cairtigh (Chartists)?

5. Cén chaoi, agus cé dó, arbh 'léimt sa dorchadas' é Acht Leasaithe na bliana 1867?

nó

Cé chomh tábhactach is a bhí brú ón bpobal in achtú Acht Leasaithe na bliana 1867?

6. "The Second Reform act of 1867 had a decisive effect on the development of party organization" (P. Adelman). Na beartais eagrúchain a dhein an dá mhór-pháirtí san deich mbliain i ndiaidh 1867 a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.

7. Déan tábhacht na diongbháilteachta agus na ndílseachtaí creidimh ar an saol polaitiúil sa Bhreatain in ard-thráthnóna ré Victoria a mheas.

8. Conas ar tharla sé gurbh é an Páirtí Caomhach 'páirtí na hImpireachta' i súilibh an phobail ag deireadh an 19ú aois?

nó

Déan teoiric J.P. Cornford faoi bhláthú and Chaomhachais ag deireadh an 19ú aois a mheas.

9. "The decline of the Liberal Party is the major feature of Victorian political history between 1886 and the death of the Queen" (P. Adelman). Do bharúil faoi seo.

nó

Déan ról agus tionchar Joseph Chamberlain in athstruchtúrú chóras na bpáirti sa Bhreatain go deanach i ré Victoria a mheas.

10. Cad is dóigh leat den dtuairim gur de bharr forbairtí i ngluaiseacht na gceardchumann sa Bhreatain a tharla caithréim Pháirtí an Lucht Oibre agus turnamh and Pháirtí Liobrálaigh sa scór bliain roimh 1914?

nó

An n-aontófá le ráiteas Henry Pelling gur de bharr athraithe fad-théarmacha eacnamaíochta agus sóisialta, 'simultaneously uniting Britain geographically and dividing her inhabitants in terms of class', a tháining Páirtí an Lucht Oibre i seilbh vótaí an lucht oibre sa Bhreatain, agus a bhrúigh an Páirtí Liobrálach i dtreo na huaighe?

11. Arbh é a tharla gur chaill an Rialtas Caomhach/Aondachtach olltogchán 1906, seachas é bheith buaite ag an bPáirtí Liobrálach?

nó

An raibh fianaise shásúil ann díreach roimh thus an Choghaidh Mhóir (1914) go raibh géarchéim ag bagairt ar an bPáirtí Liobrálach?

12. Déan tionchar an Chéad Chogaidh Mhóir ar staid agus ar struchtúr na bPáirtí sa Bhreatain a mheas.

Appendix: The Labour Vote

Elections	*Votes*	*M.P.s elected*	*Candidates*	*% share of total vote*
1900	63,304	2	15	1·8
1906	329,748	30	51	5·9
1910 (Jan.)	505,657	40	78	7·6
1910 (Dec.)	371,772	42	56	7·1
1918	2,385,472	63	388	22·2
1922	4,241,383	142	411	29·5
1923	4,438,508	191	422	30·5
1924	5,489,077	151	512	33·0
1929	8,389,512	288	571	37·1
1931	6,649,630	52	515	30·6
1935	8,325,491	154	552	37·9
1945	11,995,152	393	604	47·8

Appendix: The Liberal Vote

Elections	*Votes*	*MPs elected*	*Candidates*	*Percentage share of total vote*
1906	2,757,883	400	539	49.0
1910 (Jan)	2,880,581	275	516	43.2
1910 (Dec)	2,295,888	272	467	43.9
1918				
Coalition Liberal	1,455,640	133	158	13.5
Independent Liberal	1,298,808	28	253	12.1
1922				
(Lloyd George) Liberal	1,673,240	62	162	11.6
(Asquith) Liberal	2,516,287	54	328	17.5
1923	4,311,147	159	452	29.6
1924	2,928,747	40	340	17.6
1929	5,308,510	59	513	23.4
1931				
Liberal National (Simonites)	809,302	35	41	3.7
Liberal (Samuelites)	1,403,102	33	112	6.5
(Lloyd George) Liberal	106,106	4	7	0.5
1935	1,422,116	21	161	6.4
1945	2,248,226	12	306	9.0

General Election Results

Year	C	L	LU	Irish Nat.	Lab./Lib-Lab
1868	279	379	-	-	-
1874	352	243	-	57	-
1880	238	352	-	62	-
1885	250	334	-	86	-
1886	316	192	78	85	-
1892	268	273	47	81	-
1895	340	177	71	82	-
1900	349	171	68	82	-
1906	132	377	25	83	53

Hand-out for H1362/Gaeilge: Páirtithe agus Cumhacht i bpolaitíocht na Breataine san 19ú agus sa luath 20ú haois.